Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8601/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0016(COD)**

**CODEC 579
AGRILEG 59
SEMENCES 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

t

1. An 27 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún[1] a thogra, atá bunaithe ar Airteagal 43 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[2].

3. An 5 Aibreán 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 5742/22
[2] Gan foilsiú fós san IO.
[3] 7834/22

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 10/22 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.